CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 185/23
Lucsamburg, 5 Nollaig 2023

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-128/22 | NORDIC INFO

# Covid-19: ceadaíonn an Chúirt toirmisc áirithe ar thaisteal agus oibleagáidí áirithe tástálacha a dhéanamh agus dul ar coraintín le linn na géarchéime sláinte

I gcás paindéime, is féidir le Ballstát cosc a chur ar thurais neamhriachtanacha go Ballstáit eile a aicmítear mar limistéir ardriosca ar bhonn na staide sláinte iontu. Chomh maith leis sin, is féidir leis oibleagáid a fhorchur ar dhaoine a thagann isteach ina chríoch tástálacha a dhéanamh agus dul ar coraintín. Ní mór údar a bheith leis na rialacha sin, áfach, agus ní mór dóibh a bheith soiléir beacht neamh-idirdhealaitheach comhréireach. Ní mór dóibh a bheith faoi réir achomhairc chomh maith.

I mí an Mhárta 2020, d'aicmigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) eipidéim Covid-19 mar phaindéim. Ansin, chuir an Bheilg cosc ar thurais neamhriachtanacha chuig Ballstáit a aicmítear mar "limistéir dhearga", nó uathu, de dheasca na staide sláinte iontu. Ina theannta sin, níor mhór do gach taistealaí a bhí ag imeacht óna leithéid de thíortha tástáil a dhéanamh agus dul ar coraintín. In Iúil 2020, d'aicmigh údaráis na Beilge an tSualainn mar "limistéar dearg" ar feadh seal gairid.

I ndiaidh an aicmithe sin, chuir NORDIC INFO, ar gníomhaireacht taistil é a dhéanann sainchúram de thaisteal sa Chríoch Lochlann, a thurais go léir ar ceal a bhí beartaithe aige idir an Bheilg agus an tSualainn. Ansin, d'iarr sé cúiteamh as an damáiste a bhain dó mar sin. D'fhiafraigh cúirt de chuid na Beilge den Chúirt Bhreithiúnais an gcuirtear nó nach gcuirtear cosc le dlí an Aontais ar reachtaíocht na Beilge.

**Soiléiríonn an Chúirt gur féidir le Ballstát, chun paindéim amhail Covid-19 a chomhrac, cosc a chur ar thurais neamhriachtanacha chuig Ballstáit eile a aicmítear mar "limistéir dhearga" nó uathu. Chomh maith leis sin, is féidir leis oibleagáid a fhorchur ar dhaoine a thagann isteach ina chríoch tástálacha a dhéanamh agus dul ar coraintín.**

Féadfaidh na bearta sin, lena gcuirtear srian le saorghluaiseacht laistigh den Aontas, a leagan síos le reachtaíocht a bhfuil raon feidhme ginearálta aici. **Ní mór, áfach, cúiseanna a lua lena leithéid de reachtaíocht agus ní mór rialacha soiléire beachta a bheith inti, arb intuartha a gcur i bhfeidhm do shaoránaigh.** Chomh maith leis sin, ní mór dóibh a bheith neamh-idirdhealaitheach agus inchonspóidte mar chuid de leigheas breithiúnach nó riaracháin.

Ina theannta sin, ní mór prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh lena leithéid de srianta ar an tsaorghluaiseacht. Ní mór dóibh a bheith iomchuí chun cuspóir na sláinte poiblí atá á shaothrú a bhaint amach, ní mór dóibh a bheith teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis agus ní mór dóibh gan bheith díréireach leis an gcuspóir sin, rud óna dtugtar le tuiscint nach mór machnamh ar an tábhacht a bhaineann leis i ndáil lena thromchúisí agus atá an cur isteach ar chearta agus saoirsí na ndaoine lena mbaineann.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs

díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb iomchuí, résumé an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar an lá fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**